MOO CREW

# Bileog Gníomhaíochta
## Soisearach 5

## Ón bhFéar go dtí do Mhéar

Léigh faoi tháirgeadh bainne thíos.
Cuir uimhir ar na habairtí san ord ceart.
Ar an gcéad leathanach eile, léirigh agus lipéadaigh gach céim de tháirgeadh bainne.

Céim _____ : Déantar ba a bhleán dhá uair sa lá sa bhleánlann. Stóráiltear an bainne a bhailítear faoi bhun 4° Celsius in umar bainne agus bailítear é ón bhfeirm ag tancaeir chuisnithe gach 2-3 lá.

Céim _____ : Mar sin, an chéad uair eile a mbainfidh tú taitneamh as gloine blasta bainne, is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil tú ag ól deoch d'ardchaighdeán, nádúrtha agus cothaitheach.

Céim _____ : Nuair a thagann an tiománaí chuig an déiríocht, pumpálann sé an bainne amach as a tancaer isteach i gcoimeádáin mhóra chuisnithe. Ansin, déantar an tancaer a ní go cúramach ar an taobh istigh agus ansin tá sé réidh do bhailiúchán an lá dár gcionn.

Céim _____ : Déantar an bainne a líonadh isteach i gcoimeádáin éagsúla ansin. Ina dhiaidh sin, luchtaítear leoraithe le crátaí bainne le seachadadh chuig an teach nó chuig an siopa. Déantar cuid de a sheachadadh díreach chuig scoileanna.

Céim _____ : Déantar bainne a phaistéarú chun a chinntiú nach bhfuil frídíní ann. Ba é Louis Pasteur a chum paistéaradh, nuair a théitear an bainne go teocht ard ar feadh tréimhse ghearr ama agus ansin fuaraítear é go han-tapa.

Céim _____ : Cothaítear bó ar fhéar úr cothaitheach.

Céim _____ : Sula mbailítear bainne ón bhfeirmeoir, glacann an tiománaí samplaí chun caighdeán an bhainne a thástáil.

Céim _____ : Déantar tástáil ar an mbainne arís ag an déiríocht, an uair seo ag oibrí saotharlainne.

National Dairy Council
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
Funded by the European Union

# Ón bhFéar go dtí do Mhéar

| | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 |
| Céim 5 | Céim 6 | Céim 7 | Céim 8 |

National Dairy Council
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
Funded by the European Union